# Vóta 12

# Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar phinsin, ar aoisliúntas, ar dhíobhálacha ceirde, agus ar liúntas agus aiscí breise agus eile faoi na hAchtanna Aoisliúntais 1834 go 2004 agus faoi ilreachtanna eile; ar phinsin eisreachtúla, ar liúntais eisreachtúla agus ar aiscí eisreachtúla arna bronnadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe; ar tháillí do lia-réiteoirí agus ar chorr-tháillí do dhochtúirí; ar chúitimh agus ar íocaíochtaí eile i ndáil le díobhálacha pearsanta; ar tháillí don Bhord Pinsean, agus ar tháillí gairmiúla eile, ar íocaíochtaí ilghnéitheacha, etc.

Cuirtear olltoradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana.

Dlitear barrachas de €80.602 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta

Agus an cuntas seo á ullmhú, cuireadh i bhfeidhm na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gciorclán 20 de 2024. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir a tugadh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

## An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm le háirithiú go gcaomhnaíonn agus go gcuireann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras inmheánach maidir le rialú airgeadais ach gealltanas réasúnta a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a cheadú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhréireanna a chosc nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil; ní féidir gealltanas iomlán a thabhairt ina leith. Is próiseas reatha é an córas inmheánach airgeadais a chaomhnú agus coinnítear faoi athbhreithniú an córas agus éifeachtacht an chórais go leantach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) le haghaidh sholáthar seirbhísí comhroinnte maidir le hacmhainní daonna, airgeadas agus párolla.

Táim ag brath ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú.
- Bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistithe riosca taobh istigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe maidir le hinfheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail i bhfeidhm.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa agus ag an gCoiste Iniúchta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé de sprioc ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le háirithiú go ndéanfar measúnú leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas maidir le bainistíocht riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a dhéanann príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á dtógáil a shainaithint agus a thuairisciú, gníomhartha bainistíochta atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, nuair is féidir, na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a dhéanann na príomhrioscaí i gcoinne na Roinne a shainaithint agus rinneadh na príomhrioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir shuntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar na rioscaí ardleibhéil atá os comhair na Roinne ar bhonn ráithiúil. Cuirtear toradh na measúnachtaí seo in úsáid chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh le háirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal oiriúnach.

Sonraíonn an clár riosca an rialú agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a laghdú agus an fhreagracht a bhaineann le feidhmiú an rialaithe dáilte chuig baill foirne faoi leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú reatha***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a thógáil agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus caomhnú an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

*Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997*

Mar a leagadh amach i gCuntas Leithreasa 2023, tháinig saincheist chun cinn in 2024 maidir le híocaíochtaí nach ndearnadh leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, Alt 787R Barrachas Cánach Inmhuirearaithe.

Le Vóta 12 rinneadh nochtadh saorálach gan iarraidh do na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leis an ngearríocaíocht. Íocadh barrachas cánach inmhuirearaithe (CET) de €2,327,688, agus ús de €468,744, leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2024.

Tar éis athbhreithniú breise, fuarthas amach i roinnt cásanna, nár ríomh an ONSC an luacháil chaipitil, d'fhonn a chinneadh an raibh an tairseach chaighdeánach ciste sáraithe nó nach raibh, agus go raibh CET dlite sa deireadh. Nuair a bheidh sin fíoraithe, íocfar an méid CET atá dlite trí Vóta 12.

Tá an ONSC ag obair ar shaincheisteanna eile freisin, a bhaineann leis an ríomh a chuirtear i bhfeidhm ar oibrithe páirtaimseartha atá ar scor agus le ceartú ranníocaíochtaí aoisliúntais ó phá airí. Is dócha go mbeidh tionchar airgeadais ag an dá cheist seo ar Vóta 12 freisin. I mí Iúil 2025, chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim i mbun oibre leis an ONSC agus chuir siad tús le hiniúchadh ar an CET agus ar an gCáin Shiarchoinneálach go léir don tréimhse idir 2015 agus an lá atá inniu ann. Tá an t-iniúchadh fós ar siúl agus níor cuireadh na torthaí féideartha i gcrích go fóill.

Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2024 ar ghá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

22 Meán Fómhair 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Earráidí i riarachán pá agus pinsean na seirbhíse poiblí***

Sa ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais, nochtann an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearna Vóta 12 nochtadh saorálach gan iarraidh do na Coimisinéirí Ioncaim in 2024 maidir le ganníocaíocht na ndliteanas cánach breise inmhuirir (CET). Íocadh riaráistí CET ar luach iomlán €2.3 milliún in 2024, mar aon le hús €469,000.

Tar éis tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh air, sainaithníodh nach ndearnadh measúnú ar dhliteanais roinnt pinsinéirí maidir le CET, agus go raibh roinnt earráidí ann i ríomh phinsin na n-oibrithe páirtaimseartha; agus bhí earráidí ann i ríomh ranníocaíochtaí aoisliúntais a d'íoc daoine in oifig aire. Meastar go mbeidh tionchar ag na cúrsaí sin ar Vóta 12. Tá iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim ar láimhseáil CET agus cnapshuim phinsin chánach siarchoinneálaí ar siúl.

Déantar athbhreithniú níos mionsonraithe i gCaibidil 7 mo *Thuarascála ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* do 2024 ar na cúrsaí seo.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus le hordacháin eile ón Aire [Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Aoisliúntais agus liúntais scoir | | | | |
| | *Bunmhéid* | 869,610 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 22,121 | | | |
| | | | 891,731 | 871,430 | 814,193 |
| **Ollchaiteachas** | | | **891,731** | **871,430** | **814,193** |
| *Asbhain* | | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunmhéid* | 644,223 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 22,120 | | | |
| | | | **666,343** | **726,644** | **618,249** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 225,387 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **225,388** | **144,786** | **195,944** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **80,602,121** | **110,822,107** |

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

11 Márta 2025

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 870,796 | 813,626 |
| Neamhphá | | 634 | 567 |
| **Ollchaiteachas** | | **871,430** | **814,193** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **726,644** | **618,249** |
| **Glanchaiteachas** | | **144,786** | **195,944** |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 39,422 | | |
| | | 39,422 | 183 |
| **Caiteachas díreach** | | **184,208** | **196,127** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | (850,434) | (799,760) |
| **Glanchostas an chláir** | | **(666,226)** | **(603,633)** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Cuimsítear i méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 12 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 4,153 | 3,042 |
| Ciste Lárnach[a] | | 1,133 | 1,124 |
| | | 5,286 | 4,166 |
| Costas seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do vótaí eile | | (855,720) | (803,926) |
| | | **(850,434)** | **(799,760)** |

Nóta [a] Bíonn caiteachas ón gCiste Lárnach ar phinsin agus costais ábhartha a bhaineann le céilí agus leanaí airí, leis an gCathaoirleach, leis an Leas-Chathaoirleach, leis an gCeann Comhairle agus leis an Leas-Cheann Comhairle.

## Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.1 | (8,513) | 28,147 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.2 | 40,558 | 166 |
| | | **32,045** | **28,313** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.3 | 39,422 | — |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 19,087 | 18,163 |
| Glanmhaoiniú an Státchiste | 2.5 | 12,958 | 10,150 |
| | | **71,467** | **28,313** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(39,422)** | — |
| **Glandliteanais** | | **(39,422)** | **—** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.6 | **(39,422)** | **—** |

### 2.1 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | (8,513) | 28,147 |
| | **(8,513)** | **28,147** |

### 2.2 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pinsin in-aisghabhála le híoc ag ranna eile | 85 | 166 |
| Réamh-mhaoiniú phárolla 2025 | 40,451 | — |
| Míreanna fionraí dochair eile | 22 | — |
| | **40,558** | **166** |

## 2.3 Speansais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhrú párolla [a] | 39,422 | — |
| | **39,422** | **—** |

Nóta [a] Níl aon riaráistí aoisliúntais atá dlite ag deireadh na bliana a tháinig chun cinn tar éis chur i bhfeidhm Chomhaontuithe Pá na hEarnála Poiblí san áireamh mar nach bhfuil teacht ar an bhfaisnéis go héasca.

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 10,664 | 10,072 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 1,701 | 1,665 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 175 | 165 |
| | 12,540 | 11,902 |
| Asbhaintí pinsin deonacha coinnithe ar fionraí | 4,927 | 4,566 |
| Míreanna fionraí sochair eile | 1,620 | 1,695 |
| | **19,087** | **18,163** |

## 2.5 Glanmhaoiniú an Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 80,602 | 110,822 |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | (67,644) | (100,672) |
| **Glanmhaoiniú an Státchiste** | **12,958** | **10,150** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (8,513) | 28,147 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 40,558 | 166 |
| | 32,045 | 28,313 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (12,540) | (11,902) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (6,547) | (6,261) |
| | (19,087) | (18,163) |
| | **12,958** | **10,150** |

## 2.6 Cuntas maoinithe an Stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | — | 183 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 225,388 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (80,602) | | |
| Glanvóta | | | 144,786 | 195,944 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | (850,434) | (799,760) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | 666,226 | 603,633 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **(39,422)** | **—** |

## 2.7 Tionchar na n-athruithe ar an mbeartas cuntasaíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta nua de chuid an rialtais láir chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar chomhardú cistiúcháin an Stáit.

| | 2024 |
|---|---|
| | €000 |
| Fabhrú párolla [a] | (39,422) |
| | **(39,422)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Clár A Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

| | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Liúntais maidir le haoisliúntas, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais faoi leith na leanaí | | 668,355 | 663,873 | 611,382 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi scéimeanna pinsin ranníocacha le haghaidh chéilí agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na mbreithiúna agus oifigeach cúirte | | | | |
| | *Bunmhéid* | 48,388 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 1,628 | | | |
| | | | 50,016 | 51,018 | 48,346 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia le haghaidh baintreacha agus leanaí státseirbhíseach, comhaltaí na mbreithiúna agus oifigeach cúirte | | 127 | 115 | 126 |
| A.4 | Liúntais sa bhreis agus aiscí i ndáil le hoifigigh atá bunaithe agus íocaíochtaí i ndáil le seirbhísí aistrithe | | | | |
| | *Bunmhéid* | 128,720 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 14,085 | | | |
| | | | 142,805 | 124,117 | 128,373 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí i ndáil le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcuid céilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile i ndáil le seirbhís aistrithe | | | | |
| | *Bunmhéid* | 22,500 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 2,825 | | | |
| | | | 25,325 | 27,009 | 24,702 |
| A.6 | Deontais ghortaithe agus táillí leighis | | | | |
| | *Bunmhéid* | 345 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 4 | | | |
| | | | 349 | 299 | 289 |
| A.7 | Táillí a bhaineann le pinsean agus costais eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 720 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 14 | | | |
| | | | 734 | 634 | 567 |

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.8 | Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 | | | | |
| | *Bunmhéid* | 400 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 3,565 | | | |
| | | | 3,965 | 4,310 | 354 |
| A.9 | Dliteanais phinsin d'iar-eagraíochtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha de réir reachta | | 55 | 55 | 54 |
| | | | **891,731** | **871,430** | **814,193** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**A.2 Íocaíochtaí faoi scéimeanna pinsin ranníocacha le haghaidh chéilí agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na mbreithiúna agus oifigeach cúirte**

*Soláthar sna meastacháin €48.388 milliún; toradh €51.018 milliún*

Bhí an caiteachas €2.63 milliún níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar líon na ndaoine i mbun seirbhíse / ar scor arb é a mbás is cúis le sochar pinsin marthanóra a íoc. I bhfianaise leibhéal an ollchaiteachais mar a bhí ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, iarradh meastachán forlíontach €1.6 milliún agus d'fhaomh an tOireachtas é.

**A.4 Liúntais agus aiscí sa bhreis i ndáil le hoifigigh atá bunaithe agus íocaíochtaí i ndáil le seirbhís aistrithe**

*Soláthar sna meastacháin €128.720 milliún; toradh €124.117 milliún*

Caitheadh €4.6 milliún níos lú ná mar a bhí beartaithe ón meastachán mar gheall ar an tionchar a bhí ag líon na ndaoine a bhí ag dul isteach agus ag imeacht ón scéim agus meascán an ghráid ar an bhfo-cheannteideal seo, agus d'fhéadfaidís go léir a bheith éagsúil ó bhliain go bliain. I bhfianaise leibhéal an ollchaiteachais mar a bhí ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, iarradh meastachán forlíontach €14.1 milliún le haghaidh fho-cheannteideal A.4 agus d'fhaomh an tOireachtas é.

**A.5 Pinsin, liúntais agus aiscí i ndáil le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcuid céilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile i ndáil le seirbhís aistrithe**

*Soláthar sna meastacháin €22.500 milliún; toradh €27.009 milliún*

Bhí an caiteachas €4.509 milliún níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar mheascán an ghráid agus líon na ndaoine ar scor. I bhfianaise leibhéal an ollchaiteachais mar a bhí ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, iarradh meastachán forlíontach €2.8 milliún le haghaidh fho-cheannteideal A.5 agus d'fhaomh an tOireachtas é.

**A.8 Íocaíochtaí i ndáil le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997**

*Soláthar sna meastacháin €0.4 milliún; toradh €4.310 milliún*

Bhí an caiteachas €3.910 milliún níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar íocaíocht le haghaidh CET gearríoctha (€2.328 milliún), agus ús gaolmhar (€468,744), don tréimhse 2015 go 2023, mar aon le líon níos mó pinsinéirí ag íoc cáin ioncaim in 2024 i gcomparáid leis an méid dá foráladh sa mheastachán. I bhfianaise leibhéal an chaiteachais mar a bhí ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, iarradh meastachán forlíontach €3.6 milliún le haghaidh fho-cheannteideal A.8 agus d'fhaomh an tOireachtas é.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar sna meastacháin** | **Fíoraithe** | **Fíoraithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ón Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, alt 5(3) maidir le dliteanas pinsin na mball foirne | | 36,333 | 36,333 | 33,685 |
| 2 | Fáltais maidir le dliteanas pinsin do bhaill foirne ar iasacht, etc. | | 1,040 | 721 | 689 |
| 3 | Ranníocaíochtaí chuig scéim pinsin do chéilí agus leanaí na státseirbhíseach agus eile | | 18,200 | 17,602 | 17,795 |
| 4 | Fáltais i ndáil leis an scéim ranníocach a tugadh isteach do státseirbhísigh bhunaithe a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 agus dá éis (Ciorclán 6/95) | | 41,600 | 46,571 | 44,644 |
| 5 | Aisíocaíocht na n-aisce, etc. | | 500 | 469 | 80 |
| 6 | Ceannach meas-seirbhíse | | 6,500 | 6,817 | 7,041 |
| 7 | Ranníocaíochtaí na scéime aonair | | | | |
| | *Bunmhéid* | 540,000 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 22,120 | | | |
| | | | 562,120 | 618,131 | 514,315 |
| 8 | Ilghnéitheach | | 50 | — | — |
| | | | **666,343** | **726,644** | **618,249** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasaí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**2 Fáltais i ndáil le dliteanas pinsin do bhaill foirne ar iasacht, etc.**

*Soláthar sna meastacháin €1.040 milliún; €721,000 réadaithe*

Bhí gearrdháileadh €319,000 ann de bharr rómheastachán ar fháltais ranníocaíochtaí pinsin na státseirbhíseach atá ar iasacht óna máthair-roinn. Tá sé dúshlánach líon na státseirbhíseach ar iasacht a thuar ó bhliain go bliain.

**4 Fáltais i ndáil leis an scéim ranníocach a tugadh isteach do Státseirbhísigh Bhunaithe a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 agus dá éis (Ciorclán 6/95)**

*Soláthar sna meastacháin €41.600 milliún; €46.571 milliún réadaithe*

Fuarthas €4.971 milliún níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis ó na fáltais mar gheall ar ghannmheastacháin a rinneadh ar mhéid na bhfáltas ón gcohórt de státseirbhísigh a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 nó dá éis, agus roimh an 1 Eanáir 2013, agus ar baill den scéim bhunaithe iad. Tá tionchar ag athruithe i leibhéil tuarastail an chohóirt seo ar an leibhéal ranníocaíochtaí a d'fhéadfadh dul i méid de réir dul chun cinn gairme.

**6 Ceannach meas-seirbhíse**

*Soláthar sna meastacháin €6.500 milliún; €6.817 milliún réadaithe*

Fuarthas €317,000 níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis ó na fáltais mar gheall ar cheannach méadaithe meas-seirbhíse in 2024. Braitheann an fotheideal seo ar líonta na státseirbhíseach a cheannaíonn meas-seirbhís bliain i ndiaidh bliana. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair meastachán a thuar.

**7 Ranníocaíochtaí na scéime aonair**

*Soláthar sna meastacháin €540 milliún; €618.131 milliún réadaithe*

Fuarthas €78.131 milliún níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis ó na fáltais mar gheall ar mhéadú ar líon na státseirbhíseach nua a fostaíodh le linn 2024. Iarradh meastachán forlíontach de €22.1 milliún agus d'fhaomh an tOireachtas é.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Foireann

Íoctar baill foirne atá fostaithe i riarachán agus íocaíocht aoisliúntais atá muirearaithe chuig an Vóta seo ón Vóta 18 maidir le hOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Leagtar Vóta 11 Caiteachas Poiblí, Seachadadh an Phean Forbartha Náisiúnta agus Athchóiriú ar bhaill foirne atá i mbun beartas maidir le haoisliúntas a cheapadh.

### 5.2 Pinsinéirí

Leagtar amach miondealú ar líon iomlán na bpinsinéirí i bhfáltas íocaíochta faoi na teidil faoi leith ag deireadh na bliana thíos.

| | | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| A.1 | Liúntais maidir le haoisliúntas, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais faoi leith na leanaí | 25,455 | 24,192 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi scéimeanna na bpinsean ranníocacha le haghaidh chéilí agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na mbreithiúna agus oifigeach cúirte | 3,184 | 3,144 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia le haghaidh baintreacha agus leanaí státseirbhíseach, comhaltaí na mbreithiúna agus oifigeach cúirte | 8 | 10 |
| A.4 | Liúntais sa bhreis agus aiscí i ndáil le hoifigigh atá bunaithe agus íocaíochtaí i ndáil le seirbhísí aistrithe | 1,750 | 1,690 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí i ndáil le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcuid céilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile i ndáil le seirbhís aistrithe | 4,241 | 4,269 |
| A.6 | Dliteanais phinsin d’iar-eagraíochtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha de réir reachta | 3 | 3 |
| | | **34,641** | **33,308** |

## 5.3 Seirbhísí gníomhaireachta íocaíochta pinsin

Déanann Vóta 12 íocaíochtaí pinsin, ar bhonn gníomhaireachta, chuig iar-bhaill foirne na n-eagraíochtaí a shonraítear thíos.

| **Ainm na heagraíochta** | **Líon na bpinsinéirí** | **Oll-luach 2024**<br>**€milliún** |
|---|---|---|
| Pinsin na gCoistí Gairmoideachais/na nInstitiúidí Teicneolaíochta/na mBord Oideachais agus Oiliúna | 14,217 | 404 |
| Pinsin FÁS/SOLAS | 1,454 | 33 |

Nóta Muirearaítear na méideanna íoctha ar Vóta 26 Oideachas agus ar Vóta 45 maidir le Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht.

## 5.4 Ró-íocaíocht na bpinsean

B’ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €291,322 (80 cás). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i ngach ceann de na cásanna seo.

Chuir ONSC liosta ar fáil do Vóta 12 ar a bhfuil 229 cás lena mbaineann díscríobhanna faoi bhun €250, ar comhluach €24,513.

## 5.5 Tuarastal an Oifigigh Chuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11 Caiteachas Poiblí, Seachadadh PFN agus Athchóiriú freisin. Nochtar a leibhéal tuarastail in sa Chuntas Leithreasa do Vóta 11.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Laghdú na bpinsean

Déantar foráil in Acht na bPinsean (Laghdú) 1965 agus Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012, go laghdaítear mar is cuí pinsin na státseirbhíseach a choinnítear nó a athfhostaítear tar éis gnáthaois scoir, le háirithiú nach dtéann an pá iomlán dá gcuid i dtréimhse na coinneála nó na hathfhostaíochta níos airde ná an luach saothair a gheobhaidís dá bhfanfaidís sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá seirbhís ináirithe iarbhír. Forálann an reachtaíocht chomh maith go bhféadfadh go dtarscaoilfí laghduithe den chineál sin de rogha an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

In 2024, rinneadh laghdú iomlán nó páirteach ar phinsin 48 státseirbhíseach a bhí ar scor. Ba é €394,952 an méid iomlán a laghdaíodh in 2024 (2023: €262,248).

## 6.2 Iarmhéideanna cánach barrachais inmhuirir

Is ionann Barrachas Cánach Inmhuirearaithe (CET) agus táille a d'fhéadfaí a leagan ar luach measta na bpinsean pearsanta os cionn €2 mhilliún. Tá foráil sa dlí cánach go n-íocfaidh an riarthóir pinsean an cháin agus go ndéanfar í a aisghabháil thar fiche bliain trí asbhaintí ó phinsin a íocfar. Leagtar amach sa tábla thíos idirbhearta i ndáil le cáin ar an mbarrachas inmhuirearaithe. Léiríonn an t-iarmhéid deiridh an méid atá le haisghabháil fós ó íocaíochtaí pinsin.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir | 2,702 | 1,911 |
| Íocaíochtaí CET sa bhliain | 1,484 | 907 |
| Lúide méideanna arna n-aisghabháil ó íocaíochtaí pinsin | (176) | (116) |
| Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig | **4,010** | **2,702** |